

Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Cineál na seirbhíse

Is eagraíocht neamhspleách reachtúil í Oifig an Ombudsman do Leanaí, arna bunú faoin Acht um Ombudsman do Leanaí, 2002, arna leasú. Tagann leanaí agus daoine óga uile faoi bhun 18 mbliana d'aois in Éirinn faoin ár sainchúram. Téimid i dteagmháil le leanaí agus daoine óga i mbealaí éagsúla agus ár dhá bpríomhfheidhm á gcomhlíonadh againn. Seo iad na feidhmeanna sin:

- Fiosrú a dhéanamh maidir le gearáin arna ndéanamh ag leanaí nó thar ceann leanaí maidir le gníomhaíochtaí nó easpa gníomhaíochtaí i gcás réimse comhlachtaí poiblí.
- Cearta agus leasa daoine óga agus leanaí a chur chun cinn.

Seo iad na gníomhaíochtaí a dhéanfaimid a tharraingíonn ár n-aird ar chúrsaí um chosaint agus leas leanaí:

- Cruinnithe aonair le leanaí agus daoine óga
- Imeachtaí grúpa le leanaí agus daoine óga, amhail cuairteanna scoile agus comhairliúcháin
- Socrúcháin um thaithí oibre do dhaoine óga
- Próiseáil a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le leanaí arna fáil tríd an bhfeidhm um Ghearáin agus Fiosrúcháin
- Conraitheoirí tríú páirtí seachtracha a choimisiúnú chun imeachtaí a eagrú nó a óstáil agus tabhairt faoi thaighde agus comhairliúcháin le leanaí agus daoine óga

Ár bprionsabail um chumhdach leanaí

- Cuirimid timpeallacht shábháilte ar fáil do leanaí a thagann i dteagmháil linn. Cloímid leis an dea-chleachtas maidir lenár gcleachtas earcaíochta foirne agus cleachtas earcaíochta daoine a fhostaítear ar conradh chun seirbhíse a sholáthar. Cuirtear an oiliúint iomchuí maidir le cosaint leanaí ar bhaill foirne agus ar dhaoine a fhostaítear ar conradh chun seirbhíse a sholáthar agus déanann an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán orthu.
- Tá ár mbaill foirne agus daoine a fhostaítear ar conradh chun seirbhíse a sholáthar tiomanta do leanaí a chumhdach agus tá siad ar an eolas maidir lena ndualgas inní faoi leanbh a thuirisciú mar a leagtar amach san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015, agus in *Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017*¹ agus déanann siad ár mBeartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a chomhlíonadh.

Measúnú ar riosca

Táimid tar éis measúnú ar riosca a dhéanamh maidir le díobháil a d'fhéadfadh tarlú do leanbh agus é/í i dteagmháil linn. Táimid tar éis 4 réimse de riosca féideartha a shainaithint. Leagtar amach na nósanna imeachta chun na rioscaí sin a bhainistiú inár mBeartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, (nuashonraithe in Eanáir 2020).

Riosca sainaitheanta	Nós imeachta curtha i bhfeidhm chun an riosca sainaitheanta a bhainistiú
Tuairiscíonn leanaí/daoine fásta díobháil líomhnaithe a tharlaíonn do leanaí agus iad i láthair ag imeachtaí/cruinnithe OOL agus arna déanamh ag tríú páirtithe/foireann OOL, lena n-áirítear neamhchosaint ionchasach ar dhíobháil trí rochtain a bheith acu ar sheirbhís wifi OOL	Beartas OOL um Chosaint Leanaí 2020 agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2020 Cuid 1: Freagrachtaí Foirne; Cuid 2 Nósanna imeachta tuairiscithe agus cinnteoireachta; Cuid 3: Nós imeachta tuairiscithe i ndáil le líomhaintí i gcoinne baill foirne maidir le mí-úsáid; Cuid 7: Ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Duine Ábhartha; Cuid 8: Cleachtas um chumhdach leanaí le linn bualadh le leanaí agus daoine óga; Cuid 9: Nósanna imeachta sábháilte um fhoireann a earcú agus a roghnú
Tuairiscíonn leanaí/daoine fásta díobháil líomhnaithe do leanaí arna déanamh ag tríú páirtithe agus na leanaí i láthair ag imeachtaí/cruinnithe OOL; trí litreacha; ar an teileafón; nó tríd an ríomhphost, etc.	Beartas OOL um Chosaint Leanaí 2020 agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2020 Cuid 1: Freagrachtaí Foirne; Cuid 2 Nósanna imeachta tuairiscithe agus cinnteoireachta; Cuid 3: Nós imeachta tuairiscithe i ndáil le líomhaintí i gcoinne baill foirne maidir le mí-úsáid; Cuid 7: Ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Duine Ábhartha; Cuid 8: Cleachtas um chumhdach leanaí le linn bualadh le leanaí agus daoine óga
Tuairiscíonn leanaí/daoine fásta díobháil líomhnaithe do leanaí arna déanamh ag tríú páirtithe coimisiúnta, nó tuairiscítear díobháil líomhnaithe do leanaí do na tríú páirtithe coimisiúnta sin, le linn do leanaí a bheith ag glacadh páirt i dtaighde/tionscadail de chuid OOL	Beartas OOL um Chosaint Leanaí 2020 agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2020 Cuid 4: Nós imeachta tuairiscithe i ndáil le líomhaintí a dhéantar i gcoinne conraitheora tríú páirtí arna fhostú ag institiúid sheachtrach maidir le mí-úsáid
Tuairiscíonn leanaí/daoine fásta díobháil líomhnaithe do leanaí arna déanamh ag tríú páirtithe, nó feiceann foireann OOL díobháil á déanamh ag tríú páirtí, agus leanaí i láthair ag imeachtaí/cruinnithe arna réachtáil in oifigí OOL	Beartas OOL um Chosaint Leanaí 2020 agus Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2020 Cuid 1: Freagrachtaí Foirne; Cuid 2 Nósanna imeachta tuairiscithe agus cinnteoireachta; Cuid 7: Ról an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) agus an Duine Ábhartha

Nósanna Imeachta

- Tá tuilleadh eolas ar fáil maidir lenár mBeartas um Chosaint Leanaí agus ár Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2017 ar fáil ach í a iarraidh, nó ar ár suíomh gréasáin ar www.oco.ie.

¹ <https://www.dcy.gov.ie/documents/publications/20171002ChildrenFirst2017.pdf>

Cur Chun Feidhme

Táimid tiomanta don ráiteas seo um chumhdach leanaí a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gcleachtas athmhachnaimh agus an dea-chleachtas. Déanfaimid athbhreithniú ar ár ráiteas um chumhdach leanaí i mí Eanáir 2022 nó i ndiaidh athruithe ar bith a thagann ar an mbeartas/nós imeachta ábhartha.

Síniú: _____

Dáta: _____

Duine Ábhartha, Oifig an Ombudsman do Leanáí

Má tá ceist ar bith agat, déan teagmháil lenár DIA ar 01-8656800 nó ar www.oco.ie